2027.M3S2T

2027L006G1IS2

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta
Sampla 2

# Laidin

## Gnáthleibhéal

## 2 uair 30 nóiméad

300 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Ná scríobh ar an leathanach seo

## Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus do dháta breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí i bpeann gorm nó dubh.
Níl cead agat peann luaidhe a úsáid, lena n-áirítear pionsail dathadóireachta, **ach amháin** le haghaidh líníochtaí nó léaráidí.

Scríobh do fhreagraí go léir sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás freagartha breise ag deireadh gach roinne, agus spás le haghaidh obair gharbh ag deireadh an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise den sórt sin go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Scanfar an leabhrán scrúdaithe seo agus cuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora ar scáileán. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de limistéir na bhfreagraí.

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

**Roinn A: Príomhthéacs** **100 marc**

- Freagair na ceisteanna atá ann.

**Roinn B: Téacsanna Neamhfheicthe** **200 marc**

- Freagair na ceisteanna atá ann.

Tá na giorrúcháin thíos in úsáid sna gluaiseanna ar an scrúdpháipéar seo:

f. = firinscneach b. = baininscneach n. = neodrach iol. = iolra

infin. = briathar infinideach

ainm. = an tuiseal ainmneach

gairm. = tuiseal gairmeach

cusp = an tuiseal cuspóireach

gin. = an tuiseal ginideach

tabh. = an tuiseal tabharthach

ochs. = an tuiseal ochslaíoch.

| Roinn A | Príomhthéacs | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair Ceist 1 **agus** Ceist 2.

**Ceist 1** **60 marc**

Léigh Téacs A agus freagair **gach ceann** de na ceisteanna a leanas.
Is línte tosaigh an *Aeinéid* le Veirgil atá i dTéacs A.

**Téacs A**: an *Aeinéid*, Leabhar 1

Arma virumque cano, Troiae qui primus ab oris
Italiam, fato profugus, Laviniaque venit
litora, multum ille et terris iactatus et alto
vi superum saevae memorem Iunonis ob iram;
multa quoque et bello passus, dum conderet urbem,
inferretque deos Latio, genus unde Latinum,
Albanique patres, atque altae moenia Romae.
Musa, mihi causas memora, quo numine laeso,
quidve dolens, regina deum tot volvere casus
insignem pietate virum, tot adire labores
impulerit. Tantaene animis caelestibus irae?
Urbs antiqua fuit, Tyrii tenuere coloni,
Karthago, Italiam contra Tiberinaque longe
ostia, dives opum studiisque asperrima belli;

**(a)** Tabhair aidiacht, réamhfhocal **agus** briathar **amháin** Laidine ó línte 1-7 de Théacs A.

| Aidiacht: | Réamhfhocal: |
|---|---|
| Briathar: | |

**(b)** Ainmnigh **dhá** logainm i dTéacs A **agus** mínigh an tábhacht a bhaineann leo san *Aeinéid* le Veirgil.

| |
|---|
| Logainm 1: |
| Tábhacht: |
| |
| |

| Logainm 2: |
|---|
| Tábhacht: |
| |
| |

**(c)** Ainmnigh tuiseal **agus** uimhir na n-ainmfhocal thíos: *terris* (líne 3), *iram* (líne 4), *deos* (líne 6).

| Ainmfhocal Laidine i dTéacs A | Tuiseal | Uimhir |
|---|---|---|
| terris | | |
| iram | | |
| deos | | |

**(d)** Cuir Gaeilge ar **cheithre cinn ar bith** de na frásaí a leanas as Téacs A:

**(i)** Arma virumque cano (líne 1)

**(ii)** dum conderet urbem (líne 5)

**(iii)** Musa, mihi causas memora (líne 8)

**(iv)** Tantaene animis caelestibus irae? (líne 11)

**(v)** Urbs antiqua fuit (líne 12)

**(e)** Conas a chuireann Téacs A in iúl don léitheoir go bhfuil dán eipiciúil á léamh aici/aige?

**Ceist 2** **40 marc**

Léigh Téacs B agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh. I dTéacs B, déanann an Bhanríon Díodó freagairt láidir nuair a fhaigheann sí amach go bhfuil sé beartaithe ag Aeinéas an Chartaig a fhágáil.

**Téacs B**: an *Aeinéid*, Leabhar 4

At regina dolos – quis fallere possit amantem?
praesensit, motusque excepit prima futuros,
omnia tuta timens. Eadem impia Fama furenti
detulit armari classem cursumque parari.
Saevit inops animi, totamque incensa per urbem
bacchatur, qualis commotis excita sacris
Thyias, ubi audito stimulant trieterica Baccho
orgia, nocturnusque vocat clamore Cithaeron.

**(a)** I gcás gach focail Laidine sa tábla thíos, tabhair an bhrí atá leis i nGaeilge agus díorthach Béarla **amháin**.

| Focal Laidine i dTéacs B | Brí an fhocail Laidine i nGaeilge | Díorthach i mBéarla |
|---|---|---|
| prima (líne 2) | | |
| urbem (líne 5) | | |

**(b)** Tá an tábla seo bunaithe ar **chúig** bhriathar as Téacs B. Líon isteach an t-eolas atá in easnamh i ngach sraith. Tá an chéad sraith déanta duit.

| Briathar i dTéacs B | Príomhranna Laidine | Brí Gaeilge |
|---|---|---|
| saevit | saevio, saevire, saevii, saevitum | a bheith ar deargbhuile |
| | excipio, excipere, excepi, exceptum | a fháil, a thuiscint |
| timens | timeo, timere, timui | |
| | stimulo, stimulare, stimulavi, stimulatum | gríosaigh, spreag |
| vocat | | |

**(c)** Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

**(i)** Déan cur síos ar *Fama* agus an ról atá aige sa staidéar a rinne tú ar an *Aeinéid*. Úsáid samplaí, amhail mar atá i dTéacs B, chun tacú le do fhreagra.

**NÓ**

**(ii)** An gceapann tú go ndéanann Díodó freagairt róláidir i dTéacs B? Déan tagairt do Théacs B **agus** don staidéar a rinne tú ar charachtar Dhíodó chun tacú le do fhreagra.

**NÓ**

**(iii)** Scríobh faoin ngaol idir Díodó agus Aeinéas. Úsáid fianaise as an *Aeinéid* le Veirgil, amhail mar atá i dTéacs B, chun tacú le do fhreagra.

| Spás Roghnach Pleanála: |
|---|

Freagra ar Cheist 2 (c), cuid

Spás Freagartha Breise le haghaidh Roinn A:


| Roinn B | Téacsanna Neamhfheicthe | 200 marc |
|---|---|---|

Freagair Ceist 3, Ceist 4, **agus** Ceist 5.

**Ceist 3** **60 marc**

Léigh Téacs C agus freagair na ceisteanna thíos.
Is giota graifítí éTéacs C ó Phoimpé, ar athoibriú é ar an gcéad líne den *Aeinéid.*
Luaitear ann post na n-úcairí a rinne éadaí a ní. Ba mhinic a thaispeántaí an t-ulchabhán mar shiombail ar aghaidheanna a gcuid siopaí. Tá na focail atá i gcló trom tugtha in ord aibítre sa ghluais thíos.

**Téacs C**:



**Fullones ululam**que cano, non arma virumque

fullo, fullonis (f.) = úcaire, duine a níonn éadaí (cosúil le seirbhís níocháin)

ulula, -ae (b.) = ulchabhán (siombail úcairí Phoimpé)

**(a)** Cad a chiallaíonn -*que* ag deireadh *ululamque* agus *virumque*?

**(b)** Cén tuiseal ina bhfuil an focal *fullones* **agus** cén fáth?Tuiseal:

Míniú:

**(c)** Cén fáth ar roghnaigh an t-údar *fullones* mar an gcéad fhocal san abairt, dar leat?

**(d)** Cuir Gaeilge ar Théacs C.

**(e)** Cuir Laidin ar an abairt Ghaeilge seo: Is breá leis na húcairí ulchabháin.

| Obair Gharbh: |
| --- |
| Freagra: |
| |
| |

**(f)** Is heicsiméadar dachtalach atá sa Téacs C. Conas a chabhraíonn seo linn Téacs C a thuiscint níos fearr?

| |
| --- |
| |
| |

**(g)** Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas.

**(i)** Conas atá léamh graifítí Laidine difriúil ó léamh litríochta Laidine? Is féidir leat tagairt a dhéanamh do théacs **ar bith** ar a ndearna tú staidéar, Téacs C san áireamh.

**NÓ**

**(ii)** Cad a fhoghlaimíonn tú faoin saol i bPoimpé ón ngiota graifítí seo? Úsáid fianaise as Téacs C chun tacú le do fhreagra.

| Spás Roghnach Pleanála: |
| --- |

Freagra ar Cheist 3 (g), cuid

**Ceist 4** **60 marc**

Cuir Gaeilge ar Théacs D.
I dTéacs D, pléitear an uair a cuireadh Hannabal le bheith ina ghinearál in arm na gCartagach den chéad uair. Téann Hannabal i bhfeidhm go mór ar an arm agus ceapann siad go bhfuil sé cosúil lena athair, Hamilcar. Tá na focail atá i gcló trom tugtha in ord aibítre sa ghluais thíos.

**Téacs D**: bunaithe ar théacs *Ab Urbe Condita* le Livias

**Hannibal** ad Hispaniam missus, ubi advenit statim omnem exercitum in se **convertit**.

milites **veterani crediderunt Hamilcarem** iuvenem ad eos **redivisse**. ubi aliquid audax

**agendum erat**, nemo **melior** quam **Hannibal** erat.

agendum erat = 'ba ghá a dhéanamh'
converto, -ere, converti, conversum = tabhair ar do thaobh
crediderunt… redivisse = ráiteas neamhdhíreach
Hamilcar, -is (f.) = Hamilcar (athair Hannabal)
Hannibal, -is (f.) = Hannabal
melior, melius = níos fearr
veteranus, -a -um = sean

**Ceist 5** **80 marc**

Léigh Téacs E agus freagair i nGaeilge **ocht gcinn ar bith** as na deich gceist seo a leanas.
Leantar i dTéacs E leis an scéal i dTéacs D. Déantar cur síos ann ar charachtar Hannabal nuair a bhí sé ina fhear óg. Tá na focail atá i gcló trom tugtha in ord aibítre sa ghluais thíos.

**Téacs E**: bunaithe ar *Ab Urbe Condita* le Livias

semper primus in proelium intravit, ultimus exibat ubi pugna inceperat. magnam **audaciam** et **sapientiam** in periculis habebat. nullus labor corpus **fatigare**, nulla difficultas animum vincere poterat.

virtutes viri multae erant, sed **vitia** quoque magna: **crudelitas inhumana**, **perfidia**, nulla **veritas**, nullus deorum timor, nulla religio. ubi **Hasdrubal** imperator erat, **Hannibal** cum virtutibus **vitiis**que tres annos **militabat**. postea, **Hannibal** magnus dux **factus est**.

| | |
|---|---|
| audacia, -ae (b.) = crógacht | inhumanus, -a, -um = mídhaonna |
| crudelitas, -atis (b.) = cruálacht | milito, -are, -avi, -atum = seirbhís airm a dhéanamh |
| factus est = 'rinneadh' | perfidia, -ae (b.) = mídhílseacht |
| fatigo, -are, avi, atum = traoch | sapientia, -ae (b.) = gaois |
| Hannibal, -is (f.) = Hannabal | veritas, veritatis (b.) = fírinne |
| Hasdrubal, -is (f.) = Hasdrubal | vitium, -i (n.) = duáilce, locht |

**(a)** Cén rud a raibh Hannabal ar an gcéad duine i gcónaí lena dhéanamh?

semper primus in proelium intravit, ultimus exibat ubi pugna inceperat. (líne 1)

**(b)** Cad iad an **dá** thréith a bhí ag Hannabal i gcásanna contúirteacha?

magnam **audaciam** et **sapientam** in periculis habebat. (línte 1-2)

**(c)** Luaigh **dhá cheann** de lochtanna Hannabal.

sed **vitia** quoque magna: **crudelitas inhumana**, **perfidia**, nulla **veritas**, nullus deorum timor, nulla religio. (lines 4-5)

**(d)** Cá fhad a bhí Hannabal san arm agus é ina fhear óg?

ubi **Hasdrubal** imperator erat, **Hannibal** cum virtutibus **vitiis**que tres annos **militabat.** (línte 5-6)

**(e)** Ina dhiaidh sin, cad a rinneadh de Hannabal?

postea, **Hannibal** magnus dux **factus est**. (line 6)

**(f)** An léirítear Hannabal mar shaighdiúir maith i dTéacs E, dar leat? Mínigh do fhreagra.

**(g)** Cén fáth a raibh faitíos chomh mór sin ar na Rómhánaigh roimh Hannabal, dar leat? Féadfaidh tú tagairt do Théacs E **agus/nó** do staidéar ar an *Aeinéid* le Veirgil.

**(h)** Cén fáth a bhfuil **dhá** fhoirm de *nullus, -a, -um* san abairt a leanas?

nullus labor corpus **fatigare**, nulla difficultas animum vincere poterat. (línte 2-3)

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(i)** Aimsigh **dhá** fhrása réamhfhoclacha Laidine i dTéacs E **agus** ainmnigh tuiseal an fhocail/na bhfocal sa fhrása.

| | |
|---|---|
| Frása Réamhfhoclach 1: | Tuiseal: |
| Frása Réamhfhoclach 2: | Tuiseal: |

**(j)** Tabhair na príomhranna Laidine le haghaidh **dhá cheann** de na briathra seo as Téacs E.

| |
|---|
| intravit (líne 1): |
| habebat (líne 2): |
| poterat (líne 3): |
| erant (líne 4): |

Spás breise freagartha le haghaidh Roinn B:

Obair Gharbh:

## Admhálacha

**Íomhánna**

Lch. 10

https://ancientrome.ru/art/artworken/img.htm?id=9311

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Laidin

Sampla 2

2 uair 30 nóiméad